**Téarmaí Tagartha agus Ballraíochta**

**an Choiste Teagaisc agus Foghlama**

Is é an Coiste Teagaisc agus Foghlama príomhchoiste na hOllscoile i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Breithneoidh sé gach ábhar a bhaineann leis an bpolasaí agus leis an gcleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe san Ollscoil agus breithneoidh sé gach forbairt ábhartha ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a n-impleachtaí do chleachtas agus do pholasaí ar fud na hinstitiúide. Tuairisceoidh sé don Chomhairle Acadúil

Ach faomhadh a bheith faighte ón gComhairle Acadúil, déanfaidh an Coiste an méid seo a leanas:

1. A bheith freagrach as Straitéis Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe na hOllscoile a fhorbairt agus as tosaíochtaí straitéiseacha a leagan síos inti;

2. Nuálaíocht agus sármhaitheas sa Teagasc agus san Fhoghlaim a chur chun cinn;

3. Tacú le Forbairt Ghairmiúil na Foirne Acadúla;

4. Forbairtí inmheánacha agus seachtracha a mheas, lena n-áirítear cáilíocht agus caighdeáin acadúla, eispéireas na mac léinn agus tréithe na gcéimithe, mar a bhaineann siad le Teagasc agus Foghlaim;

5. Freagraí na hOllscoile ar chomhairliúcháin i réimse an Teagaisc agus na Foghlama a chomhordú;

6. Polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú a mholadh don Chomhairle Acadúil;

7. Moltaí a dhéanamh maidir le Comhghuaillíochtaí agus Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, i réimse an Teagaisc & na Foghlama agus na Forbartha Foirne Acadúla;

8. Tuairiscí a thagann ó choistí agus ó oifigí eile mar a bhaineann siad le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú a mheas;

9. Breithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le spásanna Foghlama agus Teagaisc, bonneagar, teicneolaíochtaí agus áiseanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim san Ollscoil;

*******

**Ballraíocht**
An tUachtarán Ionaid agus
Meabhránaí (Cathaoirleach) Stiúrthóir
CELT (Leas-Chathaoirleach) An Rúnaí
Acadúil
Leas-Stiúrthóir CELT

Leas-Déan T&F, Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh, Leas-Déan T&F, Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí
Leas-Déan T&F, Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte Leas-Déan T&F, Coláiste na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta

Leabharlannaí nó
ainmní Ceann ISS nó
ainmní Stiúrthóir
CALPD
Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn
Stiúrthóir Léinn Acadamh na hOllscolaíochta
Gaeilge, Oifigeach Oideachais Chomhaltas
na Mac Léinn
Ionadaí na Mac Léinn Iarchéime Múinte
Déan na Mac Léinn
Bainisteoir Fhóram Réigiúnach Scileanna

DP&R,
16.1.2019.